

Bánú na tuaithe

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhúnadh oifigí poist in iardheisceart na tíre. Sula bhféachann tú ar an mír, féach ar na logainmneacha seo a bheidh le cloisteáil inti agus freagair na ceisteanna leis an duine in aice leat:

An Dromaid, Máistir Gaoithe, An Chillín Liath,

1. Cá bhfuil na háiteanna thuas?
2. Cad is brí leis na logainmneacha sin?
3. Cá bhfuil tú féin i do chónaí? Cad is brí leis an logainm sin?

Ceist 2

Gan féachaint ar an mír go fóill, pléigh na focail seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.


Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar tháinig 150 duine le chéile sa Dromaid aréir?
2. Cathain atá An Post le hOifig Phoist Mháistir Gaoithe a dhúnadh?
3. Dúirt Fíona de Buis go raibh an t-ádh ar an gcoiste sa Dromaid. Cén fáth?
4. Cén fáth a raibh áthas ar Eimear Ní Mhurchú?
5. Cén fáth a gceapann Caitlín Breathnach go bhfuil sé ríthábhachtach seirbhísí, ar nós seirbhísí an phoist, a choinneáil sa cheantar?

Ceist 4 Cuir na focail seo ó **Ceist 2** in abairtí lena mbrí a léiriú:

*seirbhísí poist
dúthaigh/dúiche
beartaithe
slua
dea-scéala
fear gnó áitiúil
tairiscint
ábhar dóchais
lán go doras
fianaise
daonra
a mhealladh*



Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 5 Éist go cruinn leis an mír arís. Cén leagan de na briathra thíos a bhí le cloisteáil inti? Tá sampla amháin déanta duit!

bailigh – bhailigh – an aimsir chaite

*beartaigh
dún
tar
pléigh
fógair
iarr
coimeád*

Ceist 6 ‘...bhailigh...’

Scríobh amach na briathra seo – bailigh, fógair, dún, iarr – san aimsir chaite i ngach pearsa. Bíodh an fhoirm cheisteach agus na freagraí, idir dhearfach agus diúltach, agat freisin.

Ceist 7 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil An Post ag dúnadh an oiread sin oifigí poist faoin tuath, dar leat?
2. An mbaineann tú féin úsáid as seirbhísí an phoist go minic? Mínigh.
3. Cén tionchar, dar leat, atá ag bánú na tuaithe ar na daoine atá ina gcónaí faoin tuath faoi láthair?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

1. I gCiarraí Theas.
2. **Dromaid** – b'fhéidir go dtagann sé on bhfocal 'droim' a chiallaíonn *ridge*.
Máistir Gaoithe: máistir > maistreadh – *churning*; gaoth – *wind*.
An Chillín Liath: cill – *churtyard, church*; -ín – *beag*; liath – *grey*.
3. Abair leis na foghlaimeoirí na logainmneacha a chuardach ar www.logainm.ie mura bhfuil siad cinnte.

Ceist 2

seirbhísí poist – *postal services*
dúthaigh/dúiche – *region (sa chomhthéacs seo)*
beartaithe – *proposed*
slua – *crowd*
dea-scéala – *good news*
fear gnó áitiúil - *local business man*
tairiscint – *offer*
ábhar dóchais – *reason for hope*
lán go doras – *crowded/packed*
fianaise – *evidence*
daonra – *population*
a mhealladh – *to entice, to attract*

Ceist 3

Féach an Script

Ceist 4

Iarr ar na foghlaimeoirí na focail a chur in abairtí. Iarr orthu ansin a n-abairtí a phlé ina mbeirteanna sula bpléifidh tú féin iad os comhair an ranga ar fad.

Ceist 5

beartaigh – 'beartaithe' – an aidiacht bhriathartha
dún – 'a dhúnadh' – an t-ainm briathartha *agus* 'a dhúnfar' – aimsir fháistineach (saorbhriathar)
tar – 'tháinig' – aimsir chaite *agus* 'tagtha' - an aidiacht bhriathartha
pléigh – 'a phlé' – an t-ainm briathartha
fógair – 'd'fhógair' – aimsir chaite *agus* 'fógartha' - an aidiacht bhriathartha
iarr – 'ag iarraidh' – an t-ainm briathartha
coimeád – 'a choimeád' – an t-ainm briathartha *agus* 'go gcoimeádfaimid' – aimsir fháistineach *agus* 'go gcoimeádfaí' – modh coinníollach (saorbhriathar)

Ceist 6

Bailigh	Fógair
bhailigh mé	d'fhógair mé
bhailigh tú	d'fhógair tú
bhailigh sé	d'fhógair sé
bhailigh sí	d'fhógair sí
bhailíomar	d'fhógraíomar
bhailigh sibh	d'fhógair sibh
bhailigh siad	d'fhógair siad
bailíodh (br. saor)	fógraíodh (br. saor)
Ar bhailigh...?	Ar fhógair...?
Bhailigh./Níor bhailigh.	D'fhógair./Níor fhógair.

Dún dhún mé dhún tú dhún sé dhún sí dhúnamar dhún sibh dhún siad dúnadh (br. saor) Ar dhún...? Dhún./Níor dhún.	Iarr d'iarr mé d'iarr tú d'iarr sé d'iarr sí d'iarramar d'iarr sibh d'iarr siad iarradh (br. saor) Ar iarr...? D'iarr./Níor iarr.
--	--

Ceist 7

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Anois, bhailigh nach mór céad go leith duine le chéile sa Dromaid i gCiarraí Theas aréir ag iarraidh ar An Post seirbhísí poist a choimeád sa dúthaigh.¹ Tá sé beartaithe Oifig Phoist Mháistir Gaoithe, a dhúnadh ag deireadh mhí Eanáir. Ag an gcruinniú aréir, socraíodh go ndéanfar iarratas oifig phoist a bhunú sa² Chillín Liath.

Marian O'Flaherty

Tháinig slua le chéile in Ionad na Dromoda i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh, i gCiarraí Theas tráthnóna aréir, chun seirbhísí poist sa dúthaigh a phlé. D'fhógair An Post go rabhadar chun Oifig an Phoist Mháistir Gaoithe a dhúnadh ag deireadh mhí³ Eanáir seo chugainn. Ach, bhí dea-scéala le clos⁴ ar maidin toisc go bhfuil sé fógartha ag fear gnó áitiúil go bhfuil sé chun iarratas a dhéanamh oifig an phoist nua a oscailt i gCillín Liath⁵.

Fíona de Buis, Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh

Tá iarratas ag dul isteach anois, ag iarraidh ar An Post, oifig an phoist nua a oscailt sa cheantar nuair a dhúnfar⁶ an ceann atá ann faoi láthair. Agus bhí sé d'ádh ar an gcoiste, is dócha, aréir gur tháinig fear gnó ón áit, Humphrey Ó Conchúir, agus gur dhein⁷ sé siúd tairiscint, oifig an phoist a oscailt ina shiopa féin. Is ábhar dóchais é sin is dócha.

Eimear Ní Mhurchú, Cathaoirleach, Grúpa Gnímh na Dromada

Bhí an áit lán go doras. Bhí sé sin thar barr mar ní rabhamar cinnte an méid suime a bhí timpeall na háite agus aréir bhí an fhianaise⁸ ann go bhfuil suim ag gach duine, idir óg agus aosta, an tseirbhís seo a choimeád inár gceantar agus go bhfuil sé rithábachtach go gcoimeádfaimid é.

Caitlín Breathnach, Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh

Tá titim an-mhór tagtha ar dhaonra na Gaeltachta anseo in Uíbh Ráthach, anseo sa Dromaid agus sna ceantair⁹ éagsúla eile chomh maith. Táimid tar éis 40% dár ndaonra¹⁰ a chailliúint¹¹ ó 1956 go dtí an lá atá inniu ann. Agus, tá sé thar a bheith tábhachtach mar sin go gcoimeádfaí na seirbhísí éagsúla sna ceantair seo má tá aon seans in aon chor againn daoine a choimeád anseo agus daoine b'fhéidir a mhealladh thar n-ais nó a mhealladh chun cónaí sa cheantar.

Marian O'Flaherty, Nuacht TG4, Uíbh Ráthach

¹ *dúiche* an leagan caighdeánach

² *san* a dúradh

³ *mí* a dúradh

⁴ *cloisteáil* an leagan caighdeánach

⁵ *sa Chillín Liath* an leagan caighdeánach

⁶ *dúnfar* a dúradh

⁷ *go ndearna* an leagan caighdeánach

⁸ *an fianaise* a dúradh

⁹ *ceantracha* a dúradh

¹⁰ *dár daonra* a dúradh

¹¹ *cailleadh* an leagan caighdeánach